An Tionscal Foirgníochta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tionscal foirgníochta in Éirinn.

(a) Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a aimsiú de na focail seo thíos:

1. The worst year: _____
2. 40 years: _____
3. Construction Industry Federation: _____
4. more than: _____
5. unit: _____
6. where there is a demand: _____
7. outlook: _____
8. a lack of houses: _____
9. act according to their word: _____
10. some stimulation: _____

(b) Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus breac síos an t-eolas a thugtar faoi na figiúirí seo a leanas:

40 bliain: _____

8,400: _____

19%: _____

10,500: _____

20,000: _____

Ceist 3 '…ag súil go....'

(a) Bí ag obair leis an duine in aice leat – an dtuigeann sibh na habairtí thíos?

Tá sé ag súil go ndéanfaidh na bainc rud éigin.
Tá Síle ag súil le leanbh.
Ná bí ag súil liom.
Tá mé ag súil go mór leis an gcóisir.

(b) Cumaigí abairtí ar nós na n-abairtí sin anois.

Ceist 4. '…*ba mheasa*…'

(a) Sárchéim na haidiachta atá sa sampla thuas, ach cén aimsir atá i gceist?
(b) Scríobh amach na samplaí thíos anois san aimsir chéanna:

buí	níos buí	is buí
glic	níos glice	is glice
bacach	níos bacaí	is bacaí
uaigneach	níos uaigní	is uaigní
fairsing	níos fairsinge	is fairsinge

Ceist 5 '…ar fud na tíre…'

A. Ag féachaint ar an sampla thuas, cad is féidir leat a rá faoi na réamhfhocail chomhshuite?

B. Cuir na réamhfhocail chomhshuite choitianta in abairtí lena mbrí a léiriú:

- ar aghaidh
- ar fud
- ar nós
- ar son
- de réir
- de bharr
- i measc
- i rith
- os comhair
- tar éis

C. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil mórán eastát tithíochta folamh i do cheantar féin?
- Cén fáth a bhfuil an oiread eastát tithíochta fágtha folamh sa tír, dar leat?
- Cad ba cheart a dhéanamh leis na tithe folmha ar fad sa tír, dar leat?
- An bhfuil aon teach le taibhsí ann i do cheantar?

Freagraí
Ceist 1

1. The worst year:	*an bhliain ba mheasa*
2. 40 years:	*dhá scór bliain*
3. Construction Industry Federation:	*Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta*
4. more than:	*breis is*
5. unit:	*aonad*
6. where there is a demand:	*in áiteanna a (go) bhfuil éileamh leo*
7. outlook:	*dearcadh*
8. a lack of houses:	*ganntanas tithe*
9. keep to their word:	*go ndéanfaidh siad beart de réir a mbriathair*
10. some stimulation:	*spreagadh éigin*

Ceist 2

40 bliain:	*Bhí an bhliain anuraidh ar an mbliain ba mheasa do thógáil tithe nua sa tír seo le dhá scór bliain anuas.*
8,400:	*Níor tógadh ach ocht míle ceithre chéad teach nua in Éirinn anuraidh.*
19%:	*An laghdú a tháinig ar an deich míle go leith teach a críochnaíodh an bhliain roimhe sin.*
10,500:	*An méid tithe a críochnaíodh sa bhliain 2011.*
20,000:	*An méid tithe ba mhaith le Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta a thógáil gach bliain.*

Ceist 3
Tabhair deis do na foghlaimeoirí na habairtí a phlé le chéile.

Ceist 4
(a) An aimsir chaite nó an modh coinníollach.
(b)

buí	níos buí	is buí
buí	*ní ba bhuí*	*ba bhuí*
glic	níos glice	is glice
glic	*ní ba ghlice*	*ba ghlice*
bacach	níos bacaí	is bacaí
bacach	*ní ba bhacaí*	*ba bhacaí*
uaigneach	níos uaigní	is uaigní
uaigneach	*ní b'uaigní*	*ab uaigní*
fairsing	níos fairsinge	is fairsinge
fairsing	*ní b'fhairsinge*	*ab fhairsinge*

Ceist 5
A. Leanann an tuiseal ginideach na réamhfhocail chomhshuite.
B. Tabhair tamall do gach foghlaimeoir na réamhfhocail chomhshuite a chur in abairtí, ag cur béime ar an tuiseal ginideach.
C. Iarr ar gach beirt a gcuid abairtí a chur i gcomparáid le chéile sula bpléifidh tú féin iad leis an rang ar fad.

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Bhí an bhliain anuraidh ar an mbliain ba mheasa do thógáil tithe nua sa tír seo le dhá scór bliain anuas agus deir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta gur lú tithe fós a thógfar i mbliana. Níor tógadh ach ocht míle ceithre chéad teach nua in Éirinn anuraidh.

Barraí Mescall
Cé gur tógadh tuairim is ocht míle go leith teach nua sa tír seo anuraidh laghdú de naoi déag faoin gcéad atá ann ar an deich míle go leith a críochnaíodh bliain roimhe sin. Cuimhnigh ar an dTíogar[i] Ceilteach nuair a bhí breis is seachtó míle aonad sa bhliain á dtógáint ar feadh cúig nó sé de bhlianta i ndiaidh a chéile. Don gcéad[ii] aon mhí dhéag anuraidh níor cuireadh tús ach le míle cúig chéad teach. Anois teastaíonn ó Chónasc Thionscal Tógála na hÉireann[iii] suas le fiche míle teach a thógáint chuile bhliain in áiteanna go bhfuil éileamh leo, ach tá dearcadh difriúil ag an bhfear a chaith a shaol sa tionscadal i Londain agus anseo in Éirinn.

An comhairleoir, Tomás Ó Curraoin
Tá go leor eastát tithíochta[iv] amuigh in áiteanna iargúlta[v] ar fud na tíre agus níl aon duine cónaí iontu, agus tá siad fágtha ansin agus tá siad fágtha faoi sheilbh[vi] an rialtais, nó iad seo atá faoin rialtas, NAMA mar a thugann siad orthu. Agus, tá siad fágtha folamh agus ag an am céanna tá ganntanas tithe ann do dhaoine agus anois go dtosóidh na bancannaí[vii] ag cur amach roinnt airgid le fostaíocht agus obair a chur chun cinn ní fheicim muid ag teacht as an bpoll a bhfuil muid ann faoi láthair.

Barraí Mescall
Cé nach bhfuil ceannasaí Chónasc Thionscal Tógála na hÉireann[viii], Tom Parlon, ródhóchasach don bhliain atá romhainn, tá sé ag súil go ndéanfaidh na bancannaí[ix] beart de réir a mbriathair agus tuilleadh airgid a chur ar fáil do mhorgáistí, go háirithe do dhaoine óga, rud a thabharfadh spreagadh éigin don tionscal. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Corcaigh.

---

[i] *ar an Tíogar* atá sa chaighdeán oifigiúil
[ii] *don chéad* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] Is é *Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta* an teideal oifigiúil
[iv] *eastát tí* a deirtear
[v] *iargúl* a deirtear
[vi] *faoi seilbh* a deirtear
[vii] *bainc* atá sa chaighdeán oifigiúil
[viii] Is é *Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta* an teideal oifigiúil
[ix] *bainc* atá sa chaighdeán